



16/06/2014

San eagrán seo:

Inside this issue:

| | |
|--|---|
| Craobh Iománaíochta Hurling Final | 1 |
| Buíochas í Chroí A Heartfelt Thanks | 2 |
| Gaelcholáiste an Phiarsaigh | 2 |
| Aifreann Deireadh Bliana School Mass | 2 |
| Saoire an tSamhraidh Summer Holidays | 2 |
| Ysgol Gymraeg Morswyn | 3 |
| Bróga Scoile School Shoes | 3 |
| Naíonra Thaobh na Coille | 4 |
| Tuairiscí Scoile | 4 |
| Bille Scoile School Bill & Textbooks | 4 |
| Trialacha Caighdeánaithe Standardised Tests | 5 |
| Fleadh Ceoil | 5 |
| Féinmheastóireacht Scoile School Self-evaluation | 6 |
| Banna Ceoil 'On Tour' | 6 |
| Clós Uile-aimseartha All-weather Yard | 7 |
| Seó Tallainne Talent Show | 7 |
| Seachtain na nGníomhachta Be Active Week | 8 |

NUACHTLITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille



BUA IONTACH AG IOMÁNAITHE Gaelscoil Thaobh na Coille

Bhí an-lá go deo ag iománaithe sinsear na scoile ar an Luan seo chaite an 9ú Meitheamh nuair a bhí bua iontach acu (4:11 v 0:4) in aghaidh Scoil Mológa i gCorn Uí Néill. Bhí sceitimíní ar na buachaillí agus iad ag fágáil na scoile le haghaidh a thabhairt ar Pháirc an Chrócaigh. Tá 5 bliana ann ó d'éirigh linn craobh iománaíochta a bhaint amach agus is fíor a rá go raibh na traenáilaithe, Maoilíosa Ó Dubhthaigh & Máirín Ní Dhubhthaigh ar cipíní dá bharr. “Déanaigí bhúr ndícheall, imrígí chomh maith in Éireann is gur féidir libh agustabhair an Corn abhaile libh!”

Bhí lá ar leith ag na buachaillí, le cabhair cúpla cailín! Thug siad taispeántas den scoth in aghaidh freasúra láidir, Scoil Mológa. Cluiche sinsir ceart a bhí ann agus ba bheag géilleadh ar bhí ar aon taobh. Ba iontach an rud é an leibhéal ard scile a fheiceáil i measc an dá fhoireann, agus an-chreidiúint ag dul do na múinteoirí agus traenáilaithe na gcumann éagsúla. Buíochas speisialta do Chumann Naomh Ólaf a chuireann traenálaí ar fáil don scoil chuile sheachtain .

Our senior hurling team had a wonderful day on Monday last the 9th of June when they had a great 4:11 v 0:4 win over Scoil Mológa in the 'Corn Uí Néill' Dublin schools Hurling Final. The boys were delighted and excited at the prospect of playing in the final in Croke Park. It is five years since the school has made it to a hurling final in Croke Park and the excitement and anticipation of a possible win for the team could be felt throughout the school. The teams' trainers Maoilíosa Ó Dubhthaigh & Máirín Ní Dhubhthaigh were equally anxious and excited "do your best, give it your all andbring home the cup!"

It was a great day for the buachaillí and one or two cailíní as well! They gave a stirring display against a tough team from Scoil Mológa. A high level of skill & performance was displayed on the pitch from both teams and great credit is due to the teachers who directed their progress all year and the trainers in the local clubs who give of their time to mentor and coach the children. A special buíochas also to Naomh Olaf's GAA for the continued support of the club coach in the school.

Comhghairdeachas libh a bhuachaillí – Corn breá mór eile le dul sa chófra!



Aifreann Deireadh Bliana

End of Year Mass

Dé Máirt

24/06/2014

1.00pm

Halla na Scoile

Fáilte roimh
Thuismitheoirí

Parents Welcome

Saoire an tSamhraidh

Summer Holidays

Aoine 27/06/14
12:00 a chlog

Scoil Dúnta
School Closed
Luan Monday 30/06/14
go
Aoine Friday 29/08/14

Scoil ag Ath-oscailt
School Re-opens
01/09/2014



Buíochas ó Chroí : A Heartfelt Míle Buíochas

A Thuismitheoirí,

Bliain scoile eile ag teacht chun deiridh - cá ndeachaidh an t-am? Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl dóibh siúd ar fad a chuidigh linn an-bhlain scoile a chur dinn. Mo chomhúinteoirí, Tomás Mac Uileagóid, Niamh Ní Dhúill, Bernie Ní Ruadaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máirín Ní Dhubhthaigh, Cormac Chambers, Fiona Ní Chléirigh, Máire Mhic Gabhann, Máire Cáit Ní Dhubhgáin, Eavan Ní Mhuirgheasa, Úna Ní Fhlatharta, Sadhbh Ní Fhloinn, Aoife Ní Chearnaigh, Deirdre Uí Dhónaill, Clíodhna Ní Leocháin & Sadhbh Ní Fhinneadh. Buíochas le Gráinne Uí Lúing, John Ó hIcídhe & Caitríona Bairéad a bhí ag obair linn ar bhonn páirtaimseartha sa tacaíocht foghlama. Buíochas le Maria Uí Riain & Muireann Ní Fhloinn CRS, ár rúnaí iontach Margaret Uí Ruairc, ár múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh agus ár n-airíoch Liam Ryder. Buíochas le Conor Mac Daid agus an Bord Bainistíochta, Coiste na dTuismitheoirí agus na tuismitheoirí eile ar fad a d'oibrigh ar son na scoile i rith na bliana. Agus ná déanamís dearmad ar an 378 dalta atá sa scoil mar nach mbeadh aon scoil ann gan iad! Tá an scoil ag fás agus ag forbairt go tapaidh agus an bhliain seo chugainn beidh breis is 400 dalta & 19 múinteoir lánaimseartha sa scoil. Cé a chreidfeadh é!

Another school year has come to an end - where did the time go? I would like to thank all of the people who have helped to make this another successful school year. My colleagues Tomás Mac Uileagóid, Niamh Ní Dhúill, Bernie Ní Ruadaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máirín Ní Dhubhthaigh, Cormac Chambers, Fiona Ní Chléirigh, Máire Mhic Gabhann, Máire Cáit Ní Dhubhgáin, Eavan Ní Mhuirgheasa, Úna Ní Fhlatharta, Sadhbh Ní Fhloinn, Aoife Ní Chearnaigh, Deirdre Uí Dhónaill, Clíodhna Ní Leocháin & Sadhbh Ní Fhinneadh. Thanks to Maria Uí Riain & Muireann Ní Fhloinn SNA, our wonderful rúnaí Margaret Uí Ruairc, our múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh & our caretaker Liam Ryder. 'Buíochas' also to Conor Mac Daid and the Board of Management, Coiste na dTuismitheoirí and all those parents who helped in many different ways throughout the year. And lets not forget the 378 daltaí without whom there would be no school! The school is growing and developing quickly and next year we will have over 400 pupils and a staff of 19 full-time teachers in the school.

Tá súil agam go mbeidh samhradh iontach agaibh go léir agus feicimid arís sibh le cúnamh Dé nuair a osclaíonn an scoil don bhliain scoile nua 2014/2015 ar an Luan an 1 Meán Fómhair .

I hope you all have a wonderful summer and we'll see each other again on Monday the 1st of September. when the school re-opens for the school year 2014/2015 .

Emer Nic Chonchradha

Gaelcholáiste an Phiarsaigh : Ag oscailt MeánFómhair 2014

Guíonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille gach ádh ar Ghaelcholáiste an Phiarsaigh agus ar an bPríomhoide Joe Mac Suibhne agus an scoil ag oscailt i Rathfearnáin don chéad uair ag deireadh mí Lúnasa. Tá foireann múinteoirí á earcú faoi láthair agus táimid cinnte go n-éireoidh go geal leis an scoil. 'Sé Luke Ó Floinn i R6 an chéad dalta de chuid Gaelscoil Thaobh na Coille a fhreastalóidh ar an nGaelcholáiste agus is cinnte go mbeidh go leor eile á leanúint 'sna blianta romhainn amach. Is iontach an rud é an rogha meánscolaíochta lán-Ghaeilge seo a bheith againn dár bpáistí.

The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wish Gaelcholáiste an Phiarsaigh and its principal Joe Mac Suibhne every success when the school opens for the first time at the end of August in Rathfarnham. Teachers are being appointed at present and everything is being sorted for the big opening. Luke Ó Floinn who is in R6 will be the first pupil from Gaelscoil Thaobh na Coille to attend the Gaelcholáiste and I'm sure many others will follow in his footsteps in the years to come. It is great that we now have a choice of Irish-medium secondary schools in our area.



Bróga Scoile School Shoes

Cuirim i gcuimhne daoibh gur bróga dubh nó dubhghorm amháin ba cheart a bheith á chaitheamh ag na páistí ar scoil. Níl bróga nó bróga reatha il-daite ceadaithe chor ar bith. Bí cinnte mar sin go mbíonn bróga atá dubh nó dubhghorm ag do pháiste do mhí Mheán Fómhair.

May I remind everyone that only black or navy shoes are to be worn to school. I note that coloured and fluorescent shoes are on the increase and no regard is being paid to the school uniform. Please ensure that your child has plain black or navy school for September



Ceiliúradh Chinn Cúrsa R6

Céadaoin 25/06/2014

7.00pm — 9.30pm

R.S.V.P.
An Rúnaí 01- 2950000
gaelscoil@taobhnacoille.ie

Ysgol Gymraeg Morswyn : Visiting our friends in Wales

Le 9 mbliana anuas tá cuairt á thabhairt ag daltaí R5 ar dhaltaí ar chomh aois leo féin a fhreastalaíonn ar 'Ghaelscoil' Breatanaise I Holyhead sa Bhreatain Bheag. Tugann daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille cuairt lae ar an mBreatain Bheag agus tagann daltaí Ysgol Gymraeg Morwsyn ar cuairt ansin go Gaelscoil Thaobh na Coille.

Thaistéal daltaí R5 go dtí an Bhreatain Bheag ar an gCéadaoin agus bhí an-lá go deo acu. Bhaineadar an-sult as an turas báid ó chaladh phort B.Á.C go Holyhead. Bhí an t-ádh dearg leo leis an aimsir álainn a bhí ann ar an lá. Bhí an-lá acu agus tá siad ag súil go mór le fáilte a chur roimh dhaltaí Ysgol nuair a thagann siad ar cuairt go Gaelscoil Thaobh na Coille ar an gCéadaoin seo chugainn. Buailfidimid leo ag Caladh Phort Dhún Laoghaire agus tabharfaimid ar ais chun na scoile iad áit a mbeidh ceolchoirm beag á chur ar siúl ag R5 dóibh. Eagrófar cluichí idir an dá scoil agus tabharfaimid iad ar thuras beag go hEas Chúirt an Phaoraigh. Cuirfidh tuismitheoirí R5 béile ar fáil do na daltaí agus na múinteoirí nuair a fhillfidimid ar an scoil. Beidh lá fada ag daltaí Ysgol Gymraeg Morswyn mar go mbeidh siad ag fillleadh abhaile ar bhád a fhágann caladh phort B.Á.C. ag a 9.15pm agus nach sroicheann Holyhead go dtí 00.45!

Since 2005 the pupils in R5 have been visiting pupils of a similar age who attend a Welsh speaking 'Gaelscoil' in Holyhead in Wales. The pupils from Gaelscoil Thaobh na Coille take a day trip to Wales and the pupils from Ysgol Gymraeg Morwsyn make a return trip to Gaelscoil Thaobh na Coille. Rang a 5 travelled over to Wales on Wednesday last. They took the ferryboat from Dublin Port to Holyhead and really enjoyed their big trip 'abraod'! They were really lucky with the weather, the clear blue sky and more importantly the calm sea! They had a great day and they are now looking forward to welcoming the pupils from Ysgol Gymraeg Morswyn when they visit us this coming Wednesday. We will meet them as they disembarked the ferry at Dun Laoghaire and bring them back up to the school where the 5th class pupils will put on a short concert for them. Games will be organised between the two schools and that will be followed by a visit to Powerscourt Waterfall. The parents of R5 class will provide a meal for the children and teachers on their return. The pupils & teachers from Ysgol Gymraeg will have a very long day as their Boat home leaves Dublin Port until 9.15pm and doesn't dock in Holyhead until 00.45am!

Thugamar cuairt ar an sráidbhaile leis an ainm is faide ar domhan!

Bain triall as é rá.....más féidir leat!



LLANFAIRPWLLGWYNGYLLGOGERYCHWYRNDROBWLLLLANTYSILIOGOGOGOCH

Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 4



Naíonra Mary
087 2229964

Naíonra Denise
087 2903638

Comhghairdeachas leis an Múinteoir

Eavan Ní Mhuirgheasa
a phós le déanaí.



Guimíd gach dea-ghuí don todhchaí
uirthi féin agus a fear céile
Oisín Chambers
(sea tá beirt Múinteoir Chambers
againn sa scoil anois!!!)



School Bill
&
Textbooks

Naíonra Thaobh na Coille

Toisc an scoil a bheith ag fás beidh ceann de na seomraí ranga atá in úsáid ag Naíonra Thaobh na Coille mar ghnáthsheomra ranga ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh. Dá bhrí sin beidh ar an Naíonra bogadh amach as an bhfoirgneamh scoile. Tá cead á thabhairt ag Bord Bainistíochta na scoile don Naíonra seomraí réamhdhéanta a chur ar shuíomh na scoile le go mbeidh siad in ann leanúint le seirbhís

naíonra a chur ar fáil sa cheantair agus tacaíocht a thabhairt dúinne anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille. Beidh na seomraí réamhdhéanta á gcur ar an suíomh go luath sa chéad téarma scoile.

As our school is growing one of the rooms being used by the naíonra at present will be needed as a classroom from September. The Naíonra will there fore have to move out of the school building. The Board

of Management has agreed that the Naíonra shall be allowed to put a prefab on the school grounds. This will ensure that the Naíonra will be able to continue to provide a pre-school and after-school service on campus here in Gaelscoil Thaobh na Coille. The prefab will be installed on sight early in the Autumn term.

Tuairiscí Scoile School Reports

Seoladh na Tuairiscí Scoile abhaile agaibh ar an Aoine an 13 Meitheamh. Toisc go mbíonn go leor deacrachtaí againn leis an bpost seoladh abhaile leis na daltaí iad. Cuireadh téacs chugaibh le rá libh go raibh na tuairiscí 'sna málaí scoile le gur bhféadfadh sibh na málaí a chuardach! Muna bhfuair tú an téacs nó an tuairisc ar mhiste leat é sin a chur in iúl don Rúnaí.

We sent out the school reports on Friday the 13th of June. As we have had lots of problems with the post we sent them home with the pupils. We sent you a text to let you know that they were in the bags so that you could do the necessary search in order to find them in the bottom of the school bags! If you did not receive the report (s) or the text could you please inform the Rúnaí of same.

Má tá ceist agat nó buairt ort faoi aon rud a dúradh sa tuairisc scoile déan socrú dul chun cainte leis an múinteoir ranga idir seo agus deireadh an téarma scoile.

If you have a query or worry about anything that may have been in the report please arrange to speak to the class teacher between now and the end of term.

Bille Scoile & Liostaí Téacsleabhair

CEANNACH & IASACHT
Téacs-leabhair Tuigimid go mbíonn costas mhór ar na téacsleabhair scoile dá bhrí sin tá scéim iasachta téacsleabhair i bhfeidhm againn sa scoil, chun an costas seo a laghdú. Beidh cuid de na téacsleabhair ar fáil ar iasacht ón scoil, agus beidh an chuid eile le ceannach agaibhse sibh féin idir seo agus Meán Fómhair
Iarraimid oraibh an Bille Scoile a íoc an tseachtain seo ón Luan go dtí an Chéadaoin.

Is féidir teacht isteach leis ó 8.45am - 10.30am & 1.15pm - 2.15pm nó is féidir é a sheoladh isteach le do pháiste i gclúdach litreach dúnta (bí cinnte go bhfuil ainm & rang an pháiste scríofa ar an gclúdach).

PURCHASE & RENTAL of school textbooks: We are very aware of the high cost of school textbooks and we there for have a partial textbook rental scheme in place to help keep costs down. Some books on your

child's booklist will be rented from the school and the rest you will have to purchase yourselves. We ask you to pay your School Bill this week from Monday to Wednesday. You may pay it in person from 8.45am – 10.30am & 1.15pm - 2.15pm or you may send the AMOUNT due into school with your child in a sealed envelope (child's name & class must be written on the envelope)

*PAYMENT BY CHEQUE
(NO COINS PLEASE)*

Trialacha Caighdeánaithe : Cad a dhéanann siad a thomhas?

Trialacha Caighdeánaithe

Ceanglaítear ar scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme sa léitheoireacht Ghaeilge, sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic le linn na tréimhse Bhéaltaine/Meitheamh i gcás gach dalta i rang 2, i rang 4 agus i rang 6. I nGaelscoil Thaobh na Coille cuireann muid trialacha caighdeánaithe ar dhaltaí uile na scoile ó Rang a 1 go Rang a 6.

Céard a dhéanann tástálacha caighdeánaithe a thomhas?

Déanann tástálacha i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic gnóthachtáil do pháiste a thomhas, i gcomparáid le páistí eile i ngach scoil sa rang céanna nó sa

leibhéal céanna aoise. Déanann an tástáil chaighdeánaithe i léamh na Gaeilge gnóthachtáil pháiste a thomhas, i gcomparáid le páistí eile i scoileanna ina múinteoir trí Ghaeilge sa rang céanna nó sa leibhéal céanna aoise.

An ionann trialacha caighdeánaithe agus trialacha éirime?

Ní mar a chéile trialacha caighdeánaithe agus trialacha éirime. **Sé'n aidhm atá le trialacha caighdeánaithe ná treoir a thabhairt don mhúinteoir maidir le foghlam do pháiste agus le tú a chur ar an eolas faoi conas atá ag éirigh le do pháiste sa léitheoireacht i nGaeilge agus i mBéarla agus sa mhatamaitic. Tugann an scrúdú léitheoireachta Béarla & Gaeilge le fios dúinn cé chomh maith is a thuigeann do**

pháiste cad atá léite aige/aici. Ní bhailiúnn sé eolas ar bith maidir le cumas labhartha nó scríofa do pháiste. Tugann an scrúdú matamaitice le fios dúinn cad é cumas an pháiste ó thaobh uimhreas agus réiteach faidhbe de. Nuair a fhéachtar ar thorthaí na dtrialacha (Léitheoireacht Béarla/Gaeilge & Mata) in éineacht le h-eolas bhreise a bhailiúnn an múinteoir ó bhreathnadóireacht a dhéanamh ar an bpáiste, labhairt leis/leí agus é/i i mbun obair ranga chomh maith le hobair an pháiste a mheas, is féidir leis an múinteoir láidreachtaí agus riachtanaí do pháiste a mheas 'sna réimsí seo amháin.

Standardised Testing : What does it measure?

Standardised Testing

Irish medium schools are required to administer standardised testing in Irish reading, English reading and Mathematics during the period May/June for all students in 2nd, 4th and 6th classes on an annual basis. In Gaelscoil Thaobh na Coille we administer standardised tests in all classes from Rang a 1 to Rang a 6.

What do standardised tests measure?

Standardised tests in English reading and maths measure your child's achievement compared to other children in all schools at the same class or age level. The standardised test in Irish reading measures a child's achievement compared to other

children in Irish-speaking schools at the same class or age level.

Are standardised tests the same as intelligence tests?

Standardised tests are not intelligence tests. The main purposes of using standardised tests are to help the teacher plan your child's learning, and to inform you about how well your child is doing in English & Irish reading and maths. The English/Irish reading test gives information about how well your child can understand what he/she has read. The test does not gather information on your child's written or spoken English or Irish. The maths test finds out how well your child can use numbers for different

purposes and solve maths problems. When the test scores are used alongside other information gathered by the teacher through observing your child at work, talking with him/her and looking at his/her work, they show how your child is getting on in English & Irish reading and in maths, and help the teacher to identify your child's strengths and needs in these areas only.



Fleadh Ceoil B.Á.C

D'éirigh thar barr le rinceoirí seite na scoile nuair a ghlac siad páirt i bhFleadh Ceoil B.Á.C. Fuair eadar ard-mholadh go deo ón moltóir agus thugadar trófaí bhreá ar ais chun na scoile leo!

Our 'set dancers' competed with great success in the Dublin Fleadh Ceoil. They received high praise from the adjudicator and returned to school with a fine big trophy for the trophy cabinet!

Céard a chiallaíonn scóir chaighdeánaithe thástála mo pháiste?

Bileog Eolais do Thuismitheoirí
le fáil i rannóg na dtuismitheoirí den suíomh ghréasáin scoile.

What do my child's standardised test scores mean?

Information Leaflet for Parents

can be accessed in parents' section of school website

Tuairisc Féinmheastóireacht Scoile : School Self-Evaluation Report

Thar tréimhse ceithre bliana ó 2012/13 is gá do bhunscoileanna uile na tíre gabháil d'fhéinmheastóireacht scoile agus pleananna feabhsúcháin trí bliana a chruthú don uimhearthacht, don litearthacht agus do réimse curaclaim amháin eile. Mar Ghaelscoil bheartaíomar díriú ar dtús ar an nGaeilge. Is é is féinmheastóireacht scoile (FMS) ann ná próiseas comhoibríoch, athmhachnamhach agus cuimsitheach den athbhreithniú inmheánach scoile. Baineann féinmheastóireacht scoile go príomha le feabhsúchán agus le forbairt scoile. I rith na bliana seo thart rinne na múinteoirí macnamh doimhin agus inniúchadh ar éifeachtúlacht teagasc agus eispéireas foghlama litearthacht na Gaeilge sa scoil. Rinneamar inniúchadh ar theanga labhartha agus scríofa na ndaltaí. Is léir ó thorthaí na dtrialacha chaighdeánaithe go bhfuil caighdeán ard á shroicint ag daltaí na scoile i léitheoireacht agus i dtuiscint na Gaeilge. **Is léir freisin** go bhfuil líofacht teanga ag na daltaí agus go bhfuil sé ar a gcumas iad féin a chur in iúl trí Ghaeilge. Ach tá laige le feiceáil i gcrúineas na teanga labhartha agus freisin sa teanga scríofa. 'Siad na laigí is mó atá aitheanta againn ná crúineas na teanga ó thaobh na gramadaí, litriú agus structúr teanga de maraon le heaspa saibhreas teanga sa chaint nádúrtha. Is ar scoil amháin a labhraíonn agus a chloiseann formhór na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an scoil s'againne an Ghaeilge. Cé go bhfuil líofacht teanga ag daltaí na scoile tá an Ghaeilge atá acu 'líofa lofa' mar go ndéanann siad daingniú ar bhotúin Gaeilge, cruinnis & structúr a chéile agus go ndéanann siad structúir agus múnlaí an Bhéarla a chur i bhfeidhm ar an nGaeilge. Tá plean feabhsúcháin scoile Ghaeilge curtha le chéile againn a dhíríonn ar na laigeachtaí seo a fheabhsú. Tá spriocanna foghlama leagtha amach againn agus plean gníomhartha curtha le chéile chun torthaí foghlama na ndaltaí a fheabhsú. Beimid ag obair ar an bplean seo thar tréimhse trí bliana. Tuile eolais ar fáil faoi Féinmheastúchán Scoile ar www.taobhnacoille.ie agus ar www.schoolself-evaluation.ie

Over a four-year period from 2012/13, all primary schools are asked to engage in school self-evaluation and produce three-year improvement plans for numeracy, literacy and one other curriculum area. As a Gaelscoil we decided that we should focus our attention firstly on Gaeilge. School self-evaluation (SSE) is a collaborative, reflective, inclusive process of internal school review. School self-evaluation is primarily about school improvement and development. During this school year the teachers reflected on their work and on the learning of their pupils in order to identify what is working well and what might need to be improved. We looked specifically at the pupil's oral and written language. The results of the standardised tests show that the pupils are achieving extremely well in Irish Reading and comprehension. We also see that the pupils are fluent and are able to express themselves 'as Gaeilge'. However we have identified a weakness in the accuracy of their spoken and written language. The weaknesses we have identified and prioritised are grammatical, spelling and structural inaccuracies as well as a lack of use of rich language in natural everyday conversation. The majority of the pupils attending our school do not speak or hear Gaeilge anywhere other than at school. Although the children are 'fluent' their Gaeilge is what we would term 'líofa lofa' (fluent but rotten) because they reinforce each others' grammatical & structural errors and they have a tendency to translate sentences word for word from English into Irish, there by using English structures that are not the same in Irish. We have devised a school improvement plan for Gaeilge that focuses on improving the weaknesses identified and prioritised for improvement and development. We have outlined targets for the improvement of learning outcomes for pupils. We will be working on this plan over a three-year period. More information at www.taobhnacoille.ie and www.schoolself-evaluation.ie



Banna Ceoil na Scoile 'On Tour'

Dé hAoine an 6ú Meitheamh chuaigh banna ceoil na scoile ar thuras chuig Scoil Lorcán le haghaidh seisiúin ceoil. Bhí craic ar leith acu ag seinnt ceoil lena chéile. Suas le 100 dalta a bhí ann, le feadóga, bodhráin, píob, veidhlín, boscaí ceoil agus feadóga móra. Ba dheis a bhí inti taitneamh a bhaint as an gceol agus dár ndóigh bhí roinnt sóláistí ann freisin!

Our school 'Banna Ceoil' went on tour to Scoil Lorcán for a session on Friday the 6th June. Over 100 pupils from both school got together for a few tunes on a variety of instruments from tin whistles, uilleann pipes, fiddles, bodhrán's etc. What a great opportunity to come together to play some music and enjoy each others' company. Buíochas to the teachers from both schools who organise the 'Banna Ceoil'.



Gaeilscoil Thaobh na Coille

Éide Scoile : School Uniform

The Schoolwear House
Unit 3, Páirc Ghnó Bhaile Uí Ógáin
Bothar Bhaile Uí Ógáin,
B.Á.C. 18.
T: (01) 292 1540
F: (01) 292 1541
E-mail: www.schoolwearhouse.ie

Ná déan dearmad an t-éide scoile a ordú in am. Ná fág é go dtí an nóiméad deirneach

Don't forget to order your school uniform in

Buaiteoir an Chomórtais

GRADAM don MHÍR is FEARR bronnta ar
Jack Breathnach R4



GRADAM ARD-MHOLADH bronnta ar
SÁR-AMHRÁNAÍ
Siofra Ní Dhonnchú R4
SÁR-CHEOLTÓIR
Macdara Ó Raghallaigh R3B
SÁR-RINCEOIR
Laura Ní Chuinneagáin R6
SÁR-BHANNA
Alex Binley, Megan Ní Chaoilte, Saoirse
Ní Bhraoin,
Breandán Ó Conaill, Barry Ó Faoláin,
Cian Ó Lionaird,
Sadhbh Ní Dhraighneáin, Morgan Mac
an Chléirigh,
Ciarán Mac Gabhann R5
SÁR-GHRÚPA
Yena Nic Craith, Clara Ní Dhuibh, Ciara
Ní Fhearghail,
Ellen Nic Dhomhnaill, Lia Ní Chiardub-
háin R3B
SÁR CHUR I LÁTHAIR
Ella Ní Uigin R6
SÁR-CHOMHOIBRIÚ
Rachel Ní Thnúthail, Beatrice Cooke,
Sarah Nic Eoin,
Aoibhe Ní Nuanáin, Rachel Nic Leannáin,
Eimear Ní Ailín,
Noelle Ní Lúing, Tess de Barra, Tara Ní
Fhearghail, Emma Ní Bhraonáin R5
SÁR-MHÍR
Pádraig Mac Lochlainn & Alex Ó Sírin R6
SÁR-AMHRÁNAÍOCHT le tionlacan
Caoimhe Ní Mhathúna R4

Clós Uile-aimseartha : All-weather Yard (update)

Tá fo-choiste de thuismitheoirí & baill den Bhord Bainistíochta tar éis teacht le chéile cúpla uair le mí nó dhó le plé agus fiosrúcháin a dhéanamh faoi chlós/páirc uile-aimseartha a chur ar shuíomh na scoile. Taréis inniúchadh a dhéanamh ar shuíomh iomlán na scoile tagadh ar an gcinneadh gurb é an plásóg féir ar dheis & chun tosaigh ar an scoil an suíomh is oiriúnaí do chlós/páirc uile-aimseartha. Tá inniúchadh déanta ar an suíomh áirithe sin agus praghas á lorg ó chomhluchtaí éagsúla leis an tionscadal a tabhairt chun críche. Mar a luadh cheana tá roinnt airgid curtha i leath taobh againn don tionscadal seo ach beidh feachtas bailiúcháin airgid le reachtáil le breis airgid a bhailiú. Cuirfimid ar an eolas sibh nuair a bhíonn forbairt iomlán déanta againn ar na pleananna agus beimid in ann eolas níos beachta a thabhairt díbh faoi chúrsaí ansin.

A sub-committee of parents/board members has come together several times over the last few months to discuss the installation of an all weather yard/pitch on the school grounds. Having looked at all our options it has been decided that the grassed area at the front right side of the school is the best and most suitable site for this all weather yard/pitch. The site is being surveyed and quotes are being sought for the completion of this project. As we have said before we have money set aside for this project however we will have to set up a fundraising campaign specifically for this project as it will cost more than we have in the pot. We will let you know when the plans have been finalised and we will be able to give you a clearer picture of what will be involved.

Seó Tallainne 2014 : Talent Show

Bhí Seó Tallainne na scoile ar siúl ar an Aoine seo chaite an 13 Meitheamh. Daltaí ó R 3 go R 6 a ghlac páirt ann. Bhí mireanna de gach saghas le feiceáil ar an ardán : amhránaíocht aonair, ceol traidisiúnta, taispeántas, rince, grúpaí amhránaíochta, rince gaelach, ceol claisiceach agus alán eile. Tá ard-mholadh tuillte ag na daltaí ar fad a bhí san iomaíocht sa chomórtas – bhí an-chaighdeán go deo ann.

The Final of our annual talent show was held on Friday last the 13th of June. Pupils from R3 to R6 participated in the show with acts including solo singing, traditional music, gymnastics, dance routines, bands, irish dancing, classical music and lots more. The standard was really high and each and every one of the participants deserve great praise on their performance.



Gael scoil Thaobh na Coille

Seachtain na nGníomhaíochta : Spórt & Spraio do chách!



R6 Siúlóid Sléibhe



R1B Yóga



R3A Gleacaíocht



R3B Unihoc



N2B Páirc Súgradh

Bhí seachtain mhór gníomhaíochta againn sa scoil cúpla seachtain ó shin. Eagraíodh imeachtaí éagsúla spóirt agus spraio do na daltaí ar fad ó N1 go R6. Ghlac na daltaí páirt in imeachtaí éagsúla spóirt agus spraio i rith na seachtaine. Bhí béim ar rannpháirtíocht & taitneamh a bhaint as imeachtaí spóirt. I measc na n-imeachtaí bhí cluichí peile, cispheile, uni-hoc, cluichí craiceáilte, gleacaíocht, rince gaelach, yóga, cleachtaí coirp, caisleáin preabach, siúlóid sléibhe, rásanna reatha & a lán lán eile. Bhain idir dhaltai & mhúinteoirí an-spóirt as an tseachtain, cé go rabhamar ar fad tuirseach traochta ina dhiaidh!

Go mí-ábharach chuaigh an aimsir chun donais i dtreo deireadh na seachtaine agus b'éigean dúinn an 'Lá Spóirt' a chur ar athló. D'éirigh linn 'Lá Spóirt' R1 go R6 a reachtáil an tseachtain dar gcionn agus tá súil againn 'Rásanna na Naíonáin' a bheith ar siúl lá éigean na tseachtain seo, le cead na haimsire. Beidh sé ar siúl idir 1.30pm – 2.30pm. Seolfar téacs amach faoi seo a luaithe is atá lá cinntithe.

Active Week - An action packed week of fun & sports was held in the school a couple of weeks ago. Lots of different sporting activities were organised for all pupils from N1 to R6. The pupils participated in various sporting and fun events throughout the week. The emphasis was on participation & enjoyment of sporting activities. Activities included football, basketball, uni-hoc, fun games, irish dancing, yoga, aerobics, bouncy castles, mountain hike, running races and much much more. Both pupils and teachers enjoyed the week although everyone was extremely tired by the time the week was out!

Slán & go n-éirí libh

Fágaimid slán ag na daltaí seo a leanas a bheidh ag dul go scoileanna nua i mí Meán Fómhair. Guimíd gach rath oraibh agus tá súil againn go dtiocfaidh sibh ar ais ar cuairt orainn amach anseo.

Ciarán Ó Condúin N2B, Ben Ó Muircheartaigh R4 & Cole Mac Ruairí R4

Lúthchleasaíocht : Cumann na mBunscoil

Rinne daltaí na scoile éacht nuair a chuardar in iomaíocht i gcomórtaisí lúthchleasaíocht Chumann na mBunscoil i Seantrámh i mbliana. Cé go raibh an lá fliuch & grána d'fhilladar abhaile ar an scoil le slam mór de bhoinn. Fuair eadar níos mó boinn na aon scoil eile!

The school's athletics team did us proud when they competed in Cumann na mBunscoil's Athletics competitions in Santry this year. Despite the bad weather they returned to school with an incredible amount of medals—more than any other school competing on the day!



Bainigí taitneamh as an Samhradh agus feicimid arís sibh le cúnaimh Dé don scoil bhliain 2014/2015 ar an Luan 01/09/2014